Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir		301,506	438,140
Iarmhéid curtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig		246,919	301,506

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 23.

Ar son an Bhoird

Ali Curran
Stiúrthóir

Mike Fitzpatrick
Stiúrthóir

Dáta: 9 Meitheamh 2026

RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH

	NÓTA	2025	2024
		€	€
Easnamh/Barrachas don bhliain i ndiaidh leithghabhálacha		(54,587)	(136,633)
Gnóthachain/ (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(279,052)	(527,593)
Athruithe foshuíomhanna a bhaineann le luach reatha oibleagáidí sochair scoir		5,762,192	3,000,954
Gnóthachain/ (caillteanais) achtúireacha sa bhliain	18b.	5,483,140	2,473,361
Coigeartú do Mhaoiniú Scoir Iarchurtha		(5,483,140)	(2,473,361)
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		(54,587)	(136,633)

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 23.

Ar son an Bhoird

Ali Curran	Mike Fitzpatrick
Stiúrthóir	Stiúrthóir

Dáta: 9 Meitheamh 2026

RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2025

	NÓTA	2025	2025	2024	2024
		€	€	€	€
SÓCMHAINNÍ SEASTA					
Sócmhainní Oidhreachta	11.	39,644,748		38,998,839	
Maoin, gléasra agus trealamh	12.	779,700	40,424,448	484,868	39,483,707
SÓCMHAINNÍ REATHA					
Fardal	13.	38,333		35,585	
Infháltais	14.	347,856		121,498	
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		2,575,529		2,524,478	
		2,961,718		2,681,561	
DLITEANAIS REATHA: méideanna ag titim laistigh de bhliain amháin					
Suimeanna iníoctha	15.	(2,013,133)		(1,716,897)	
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			948,585		964,664
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA			41,373,033		40,448,371
Sócmhainn Maoinithe Sochair Scoir iarchurtha	18c.	19,885,214		23,262,873	
Oibleagáidí Sochair Scoir	18b.	(19,885,214)	-	(23,262,873)	-
IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ			41,373,033		40,448,371
AG LÉIRIÚ:					
Cúlchistí Coimeádta Ioncaim			246,919		301,507
Cuntas Caipitil (Saothair Ealaíne)	17.		39,549,987		38,904,079
Deontais Chaipitil Iarchurtha	3.		1,576,127		1,242,785
			41,373,033		40,448,371

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus Nótaí 1 go 23.

Ar son an Bhoird

Ali Curran	Mike Fitzpatrick
Stiúrthóir	Stiúrthóir
Dáta: 9 Meitheamh 2026	

RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

		2025	2024
Glanshreafaí airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	Nóta	**€**	**€**
Barrachas/(easnamh) don bhliain		(54,587)	(136,633)
Dímheas ar Shócmhainní Seasta	12.	266,292	235,072
Laghdú/(Méadú) ar Fhardal	13.	(2,748)	(2,180)
Laghdú/(Méadú) ar Infháltais		(499,026)	156,799
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha		296,236	(963,694)
Méadú/(Laghdú) ar dheontais chaipitil iarchurtha		333,341	435,982
Táillí bainc íoctha	7.	10,488	9,476
Ús bainc faighte		(311)	(179)
Aistriú go Cuntas Caipitil - Saothair Ealaíne		315,005	106,374
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(664,690)	(158,983)
Sreafaí airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe			
Caiteachas Caipitil		(603,461)	(587,162)
Glanshreafaí airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe		(603,461)	(587,162)
Sreafaí airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Ús bainc faighte		311	179
Ús bainc íoctha	7.	(10,488)	(9,476)
Glanshreafaí airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		(10,177)	(9,297)
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		(51,051)	(755,442)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 1 Eanáir		2,524,478	3,279,920
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig		2,575,529	2,524,478

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. EOLAS GINEARÁLTA AGUS BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA

a. Bunaíodh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann faoi Acht na gCuideachtaí, 1963 (arna athchur ag Acht na gCuideachtaí, 2014), tá ceann oifige aige in Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8. Maidir leis an gCuideachta, a ionchorpraíodh ar an 18 Aibreán 1985 faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é agus ní caithfidh sé caipitil a roinnt.

b. PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

Is é príomhghnó na Cuideachta ná bainistíocht agus forbairt Áras Nua-Ealaíne na hÉireann ag an Ospidéal Ríoga Cill Mhaighneann agus an tOspidéal Ríoga Cill Mhaighneann agus a thalamh a chur chun cinn mar ionad mór cultúrtha agus ealaíonta, atá inrochtana don phobal.
Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

c. RÁITEAS UM CHOMHLÍONADH

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí agus i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais cuí sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

d. BONN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, seachas roinnt sócmhainní agus dliteanais a ndéantar tomhas orthu ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhormáid a cheadaigh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus ullmhaíodh iad, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach maidir le plé le nithe a áirítear mar ábhar a bhaineann le ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

Gnóthas Leantach

Déanann an Bord in éineacht leis an gCoiste um Airgeadas, Iniúchóireacht agus Riosca monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí leis an bhFeidhmeannach agus díríonn sé i gcónaí ar na rioscaí leanúnacha do shamhail ghnó na Cuideachta. Rinne an Bord agus an Feidhmeannach, i gcomhar leis an Roinn, athbhreithniú ar thuartha agus réamh-mheastacháin na cuideachta,agus táthar sásta go bhfuil an bonn gnóthais leantaigh cuí d'ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais seo.

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta suntasacha ar ghlac Áras Nua-Ealaíne na hÉireann leo. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go seasmhach le linn na bliana agus don bhliain roimhe sin.

e. Deontais

DEONTAIS AN OIREACHTAIS (Ioncam)
Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhraithe, eisceacht amháin a bhaineann leis seo is ea i gcás Dheontais Oireachtas Vótáilte a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

DEONTAIS AN OIREACHTAIS (Caipitil)
Déileálfar le deontais a leithdháiltear d'éadáil saothair ealaíne mar chaipiteal deonaithe agus aistrítear iad go dtí an Cuntas Caipitil (Saothair Ealaíne). Tá deontais a leagtar do cheannach sócmhainní seasta inláimhsithe amúchta thar shaol na sócmhainne seasta ábhartha a ceannaíodh. Aithnítear deontais chaipitil ar bhonn fabhraithe.

IONCAM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA
Cuirtear an t-ioncam ó Ghníomhaíochtaí Tráchtála na Cuideachta san áireamh ar bhonn fabhraithe agus déantar é a thuairisciú gan Cáin Bhreisluacha san áireamh.

URRAÍOCHT
Tá ioncam urraíochta creidiúnaithe don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim sa bhliain inar thabhaíodh an caiteachas cuí. Sa chás inar iarchuireadh an caiteachas go tréimhse sa todhchaí, déanfar aon ioncam ábhartha a bhaineann leis an gcaiteachas sin a iarchur freisin.

IONCAM IARCHURTHA
Féadtar sonraisc a dhéanamh amach le haghaidh imeachtaí conraithe a tharlóidh i dtréimhse chuntasaíochta amach anseo. Ní aithnítear an t-ioncam sin sa bhliain reatha agus cuirtear san áireamh é i bhFéichiúnaithe Trádála áit a bhfuil sé neamhíoctha. Is dliteanas conartha é an tIoncam Iarchurtha agus cuirtear síos air faoi Nóta 15 mar "Éarlaisí do Cheolchoirmeacha/Imeachtaí amach anseo".

f. CUNTAS CAIPITIL (Saothair Ealaíne)
Léiríonn Cuntas Caipitil (Saothair Ealaíne) an t-ioncam a leagadh d'éadáil shaothair ealaíne agus luach na saothar a deonaíodh don Chuideachta faoi reachtaíocht Cánach.

g. MAOIN, GLÉASRA & TREALAMH
Léirítear maoin, gléasra agus trealamh ag dímheas carnach costas níos lú, coigeartaithe do sholáthar aon lagú. Gearrtar dímheas ar bhonn líne-dhíreach ag an ráta bliantúil mar a leagtar amach thíos, ionas go ndéanfar na sócmhainní a dhíscríobhadh, coigeartaithe do luach iarmharach measta thar an saolré ionchais.

Troscán, Feistithe & Trealamh	25% in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	25% in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a bhfaighfí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costas diúscartha measta a bhaint, más rud é go raibh aois bainte amach ag an tsócmhainn agus sa chaoi a mbeifí ag súil leis faoi dheireadh a saolré ionchais.
Má tá fianaise lagú oibiachtúil do luach na sócmhainne, aithnítear caillteanas lagú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Coimeádta Ioncaim sa bhliain.

h. SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA

Is cineál ealaíne iad gach Sócmhainn Oidhreachta a ndéantar taifead orthu sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus coinnítear iad go príomha dá n-ionchur maidir le faisnéis agus cultúr.

Tá foirgneamh an Ospidéil Ríoga agus aon láithreáin eile atá á bhfeidhmiú ag an IMMA faoi úinéireacht an Stáit agus déanann an Stát cothabháil orthu agus ní leis an gCuideachta iad.

Nochtadh:

vi) Cineál agus scála na Sócmhainní Oidhreachta atá i seilbh an IMMA.

Tá Bailiúchán Náisiúnta nua-ealaíne agus ealaíne comhaimseartha in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, a bhfuil 4,839 saothar ann atá rangaithe de réir na mórtheideal seo a leanas:

- Ealaín Ghrafach agus Grianghrafadóireacht - tagraíonn sé seo do shaothair dhéthoiseacha ar dhromchla mín amhail priontaí, líníochtaí agus grianghrafadóireacht.
- Pictiúir - péint a chur ar dhromchla soladach amhail canbhás, clár nó línéadach
- Dealbhóireacht - réada tríthoiseacha
- Suiteán - saothair thríthoiseacha atá suíomhoiriúnaithe de ghnáth agus déantar iad a dhearadh chun braistint spáis a athrú. Is minic a bhíonn saothair chlosamhairc san áireamh anseo chun spás a chlaochlú
- Meáin Nua/eile - lena n-áirítear ealaín dhigiteach, ríomhghrafaic, ríomhbheochan/i measc cineálacha meáin eile tá taipéis, saothair le hilmheáin, agus Cartlann agus Meáin Ambhunaithe.

Tá an bailiúchán bunaithe go láidir ar an lá atá inniu ann agus cuirtear saothair thábhachtacha nua leis an mbailiúchán go bliantúil. Cuirtear ár mbailiúchán de nua-ealaín chun cinn go rialta trí cheannachán, coimisiún, tabhartas nó iasacht le béim áirithe ar shaothar ó na 1940idí ar aghaidh.

vii) An beartas maidir le héadáil, caomhnú, bainistiú agus diúscairt Sócmhainní Oidhreachta.

Bunaíodh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal aige faoi Acht na gCuideachtaí, 1963. Is Institiúid Chultúrtha Náisiúnta é an IMMA atá faoi choimirce an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Éadáil.

Is é Bailiúchán IMMA an Bailiúchán Náisiúnta Nua-Ealaíne agus Ealaín Comhaimseartha agus tá IMMA ag bailiú faoi láthair. An sainchúram atá aige ná ealaín an lae inniu agus amach anseo a bhailiú, príomhfhorbairtí i gcultúr amhairc comhaimseartha a léiriú agus iad a choimeád san fhearann poiblí do na glúnta amach romhainn.

Tabhartas.

Caithfidh an Stiúrthóir agus Ceannaire na mBailiúchán gach tabhartas saothair ealaíne a fhormheas le haghaidh éadála ar dtús sula gcuirtear os comhair an Choiste um Bailiúcháin agus Éadálacha iad.

Ceannach.

Cuirtear gach ceannachán os comhair an Choiste um Bailiúcháin agus Éadálacha a bhfuil Beartas Éadálacha agus nósanna imeachta diana acu maidir le ceannacháin fhéideartha a mheas. Tá sé faoi rogha an Stiúrthóra saothair a cheannach suas le luach áirithe.

Caomhnú & Bainistíocht.

Déanann IMMA monatóireacht ar, agus i bhformhór na gcásanna, déantar rialú gníomhach, ar an timpeallacht (teocht, bogthaise, leibhéil soilse) chun go ndéanfar fad a chur le saolré na sócmhainní. Téann an IMMA i dteagmháil le saineolaithe caomhnaithe nuair is gá. Déantar na saothair ealaíne a thaispeáint go poiblí ar bhonn sealaíochta i gclár poiblí IMMA. Is féidir breathnú ar shaothair aonair i stórais ach réamhchoinne a dhéanamh.

Diúscairt.
Ní dhéanann IMMA aon saothar ealaíne a dhiúscairt ar mhaithe le brabús airgid. I gcúinsí eisceachtúla, má tá saothar ealaíne lagaithe thar shlánú (is é sin le rá, ní féidir é a chaomhnú), baintear an saothar ealaíne ón mbunachar sonraí agus dí-fhorshealbhaítear é.

viii) Na beartais chuntasaíochta a nglactar leo do Shócmhainní Oidhreachta lena n-áirítear sonraí maidir le boinn tomhais a úsáideadh.

Sealbhaíonn an Músaem saothair ealaíne trí réimse meán.

d) Tabhartais faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.
e) Saothair Ealaíne Deonaithe
f) Saothair Ealaíne Cheannaithe.

Is é seo a leanas an luach atá sannta don tsócmhainn ag tráth an cheannaigh:

f) Tabhartais faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Féadfar dliteanais chánacha a shocrú trí thabhartas earra oidhreachta tábhachtach do bhailiúchán náisiúnta sainithe ar chuntar go mbainfear coinníollacha áirithe amach. Déantar an luach margaidh a mheas ag tráth an tabhartais.

g) Saothair Ealaíne Deonaithe.

Déanann saineolaí inmheánach iad seo a luacháil ag tráth na héadála bunaithe ar shaothair ealaíne chomparáideacha agus fachtóirí margaidh seachtracha.

h) Saothair Ealaíne Cheannaithe.

Déantar iad seo a luacháil ag costas na héadála.
Ní reáchtálann an músaem luacháil bhliantúil agus mar thoradh air seo, tá saothar ealaíne arna sealbhú ag costas na héadála.

i) Athbhreithiú Lagaithe

Ní athraítear luach aon saothair ag luaineacht luacha sa mhargadh. Déanann an músaem athbhreithniú ar chaoi gach saothar ealaíne nuair a théann siad ar iasacht nó ar thaispeántas poiblí.

ix) Tá Sócmhainní Oidhreachta san áireamh sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

x) Tá Sócmhainní Oidhreachta taifeadta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais foilsithe i Nóta 11.

Foilsíodh i Nóta 11, achoimre ar na hidirbhearta a bhaineann le sócmhainní oidhreachta a léiríonn costas agus luach na sócmhainní a sealbhaíodh sa tréimhse i ngach catagóir mar a sonraíodh.

i. FARDAL

Tá fardal sonraithe ag an gcostas agus an glanluach inréadaithe, cíbe acu is ísle. Déantar glanluach inréadaithe a shainiú mar an praghas díolta measta lúide na costais uile atá le tabhú sa mhargaíocht, díol agus dáileadh.

j. CÁIN

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi Sceideal 4, Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

k. SOCHAIR SCOIR

Tá scéim sochair scoir sainithe á feidhmiú ag an Músaem atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil chuige, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a mheastar a bheith in-aisíoctha don Roinn i gcomhréir le socruithe airgeadais. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam a mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála agus go ndéantar é a fhritháireamh trí dheontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Tá Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") á feidhmiú ag an IMMA freisin, ar scéim sochair sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis sin. Déanfar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Léirítear sna Ráitis Airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais arna n-eascairt as oibleagáidí pinsin Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus aon mhaoiniú lena mbaineann, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais scéim sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

l. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA

Éilíonn ullmhúcháin na ráitis airgeadais go ndéanann bainistíocht breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a ndéantar tuarascáil orthu do shócmhainní agus dliteanais de réir an dáta tuairiscithe agus na méideanna a ndéantar tuarascáil orthu d'ioncaim agus costais le linn na bliana. É sin ráite, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhíre a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is mó ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgid.

a) Lagú Saothar Ealaíne

Reáchtálann an Músaem athbhreithniú lagaithe bliantúil ar a Shaothair Ealaíne. Ní athraítear luach aon saothair ag luaineacht luacha sa mhargadh. Déanann an músaem athbhreithniú ar chaoi gach saothar ealaíne nuair a théann siad ar iasacht nó ar thaispeántas poiblí. Ina theannta seo, tá nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhíorú fisiciúil iomlán gach cúig bliana i gcomhréir le cleachtas músaem caighdeánach. Tá athbhreithniú ar chaoi na saothar sin i gceist leis an bhfíorú seo. D'aithneofaí caillteanas lagaithe más rud é go raibh saothar ealaíne lagaithe thar shlánú, is é sin le rá, ní féidir é a chaomhnú. Déanfar an saothar ealaíne a bhaint den bhunachar sonraí agus déanfar é a dí-fhorshealbhú. Ní reáchtálann an músaem luacháil bhliantúil agus mar thoradh air seo, tá saothar ealaíne arna sealbhú ag costas na héadála. Ní athraítear luach aon saothair ag luaineacht luacha sa mhargadh. Ní raibh aon riachtanas do chaillteanas lagaithe ag dáta na tuarascála.

b) Bearnú Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú do lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta nuair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach bhféadfaidh an méid sealbhaithe a bheith in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid ina sáraíonn méid sealbhaithe na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Ní raibh aon aithint lagaithe ag dáta na tuarascála.

c) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus go háirithe, an saolré ionchais agus luachanna iarmharacha maidir le daingneáin agus feistis agus thángthas ar an gconclúid go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

d) Oibleagáidí Sochair Scoir

Déantar foshuíomhanna a bhaineann leis na luachálacha achtúireacha ina ndéantar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí maidir le méadú i leibhéil chúitimh sa todhchaí, agus déantar rátaí báis a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha geilleagrach reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha do théarmaí agus do choinníollacha an phinsin agus pleananna i ndiaidh scoir.

Féadfar tionchar a bheith ar na foshuíomhanna trí:

iii) An ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin.

iv) Leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo.

2) BARRACHAS DON BHLIAIN

Sonraítear an barrachas tar éis gearrtha:

	2025	2024
	€	€
Luach saothair na n-iniúchóirí	26,700	25,500
Amúchadh Deontais Chaipitil	(264,058)	(256,315)
Dímheas	266,292	235,072

3) DEONTAIS RIALTAIS A FUARTHAS

	2025	2024
Deontais Infhála	€	€
Iarmhéid tosaigh	1,242,785	806,804
Deontas Oibriúcháin Bliantúil RCCS	8,150,000	8,078,000
Deontais Chaipitil RCCS - Leabharlann an Sciatháin	175,811	
Iartharaigh	113,600	
Deontais Chaipitil RCCS - Stiúideo Caomhantais	255,227	
Deontais Chaipitil RCCS - Féintreorú um Shaothair	109,000	
Ealaíne	400,000	
Deontas Eile RCCS - Maoiniú Pinsean	13,008	
Cultúr Éireann RCCS - Ciste Cultúir Uachtaránacht an	2,500	
AE		434,491
Cultúr Éireann RCCS - Móraonach na Seapáine 2025		288,826
Cultúr Éireann RCCS - Móraonach na Gearmáine		89,600
Deontais Chaipitil RCCS - Áit Oibre don Todhchaí		98,064
Deontais Chaipitil RCCS - Athchóiriú an Raoin Thuaidh	10,461,932	9,795,785
Deontais Chaipitil RCCS - Saothair Ealaíne an Domhain		
ag Éirí		
Tionscadail Soghluaisteachta Foirne Léargas/Erasmus+		
Iomlán na nDeontas a Fuarthas		

Lúide suimeanna leithdháilte		
Leithdháilte d'Ioncam - Deontais Roinne Fo-cheannteideal B5	(8,150,000)	(7,788,000)
Deontas Caipitil Amúchta – Fo-cheannteideal B7	(264,058)	(256,315)
Deontais Leithdháilte do Chaipitil - Saothair Ealaíne	(264,505)	(120,234)
Fáltais Leithdháilte ar Chlár Ealaíon (Nóta 6)	0	(2,766)
Deontais Roinne Eile	(109,000)	(362,500)
Deontais Leithdháilte ar an gClár	(98,242)	(23,185)
Iomlán na nDeontas a Leithdháileadh	(8,885,805)	(8,553,000)
Iarmhéid Deiridh	**1,576,127**	**1,242,785**
Tuairiscithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais		
Deontais Oireachtais leithdháilte d'Ioncam	8,512,300	8,429,999
Glanoibleagáidí Scoir (le haisíoc)/le híoc	(1,246)	9,659
Deontas Oireachtais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim	8,511,054	8,439,658

4) GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA

	2025	**2024**
	€	**€**
Láimhdeachas		
Maoin agus trealamh a fháil ar cíos	328,811	88,845
Móinéir/spás amuigh faoin aer a fháil ar cíos	601,869	702,942
Ioncam Saincheadúnais	15,353	7,873
Ioncam carrchlóis	38,180	30,797
Díolacháin Siopa Leabhar	289,920	254,636
	1,274,133	1,085,093
Speansais Díolachán		
Forchostas Siopa leabhar	189,492	136,793
Pánna siopa leabhar	129,811	132,890
Pánna & Tuarastail	205,997	155,458
Glantachán	0	2,574
Speansais oibriúcháin dhíreacha	147,392	57,849
	672,692	485,564
Barrachas	601,441	599,529

5) URRAÍOCHT

	2025	2024
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	234,295	119,250
Infhála le linn na bliana	312,144	337,678
	546,439	456,928
Lúide		
Leithdháilte ar Ioncam - Urraíocht	(377,758)	(213,616)
Leithdháilte ar Ioncam Cláir	(24,369)	(9,017)
Leithdháilte ar Chaipiteal	0	0
Iarmhéid Deiridh	144,312	234,295

6) CLÁR EALAÍON

	2025	2024
	€	€
Admhálacha Cláir	103,406	49,044
Costas an Chláir		
Pánna & Tuarastail	1,387,552	1,285,618
Dímheas	103,395	141,207
Taispeántais:		
Costais reatha	1,198,019	1,342,133
Taisteal - Baile	3,451	5,449
Taisteal - Idirnáisiúnta	52,543	58,728
Bailiúchán Buan	343,747	321,753
Speansais Oideachais & Foghlama	121,293	121,649
Oideachas - Táillí	32,384	19,137
	3,242,384	3,295,674
Glanchostas	3,138,978	3,246,630

7) RIARACHÁN/COIMEÁDAÍOCHT/SLÁNDÁIL

	2025	2024
	€	€
Pánna & Tuarastail	3,884,478	3,700,813
Costas Earcaíochta	19,600	7,735
Costais Sainchomhairleoireachta*	1,394	7,827
Cáin & Comhairle Airgeadais	19,834	13,376
AD & Comhairle Pinsean	2,091	5,312
Oiliúint	18,484	20,929
Postas & Teileafón	61,822	56,126
Síntiúis	17,448	16,038

Táillí gairmiúla	28,137	29,471
Táillí Dlí *	6,546	3,286
Soláthairtí Oifige & Stáiseanóireacht	271,255	289,638
Ilghnéitheach	42,604	15,098
Fáilteachas Foirne	9,002	4,433
Speansais Siopa Caife/Ceaintín	4,725	5,916
Cruinnithe Boird	8,060	11,648
Speansais Stiúrthóra - Baile	631	4,479
Speansais Stiúrthóra - Idirnáisiúnta	19,885	16,120
Speansais Taistil/Mótair	102,337	41,184
Bord - Speansais chomhaltaí - Baile	826	0
Árachas	49,871	43,467
Glantachán	170,563	166,433
Slándáil	79,132	90,834
Dímheas	162,897	93,865
Foireann ghníomhaireachta shealadach	9,860	118,998
Táillí bainc	10,488	9,476
Sláinte & Sábháilteacht	22,137	26,262
	5,024,107	4,798,764

* Áirítear ar chostais chomhairliúcháin costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht. Baineann costais dhlíthiúla le comhairle dlí ghinearálta. Ní raibh aon fháilteachas cliaint sa bhliain.

8) MARGAÍOCHT

	2025	2024
	€	€
Fógraíocht	188,084	168,688
Pá	120,909	129,756
Caidreamh Poiblí	39,830	9,214
Margaíocht eile	57,695	134,024
	406,518	441,682

9) COTHABHÁIL

	2025	2024
	€	€
Slándáil	394,752	338,823
Gás	251,443	270,056
Leictreachas	213,870	230,771
Uisce	88,970	53,270
Glantachán	38,707	14,251
	987,742	907,171

10) FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

CL 94 (2024 - 91) arna anailísiú mar seo a leanas: -	**2025**	**2024**
Tráchtála	7	5
Clár	65	61
Riarachán	22	25

B'ionann líon na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig 2025 agus 110 (2024: 105)

Cuimsiú Costas foirne:	**2025**	**2024**
Pánna & Tuarastail	**€**	**€**
Nóta 4 Gníomhaíochtaí Tráchtála	205,997	155,458
Nóta 4 Gníomhaíochtaí Tráchtála-Siopa Leabhar	129,811	132,890
Nóta 6 Clár Ealaíon	1,387,552	1,285,618
Nóta 7 Riarachán/Coimeádaíocht/Slándáil	3,884,478	3,700,813
Nóta 8 Margaíocht	120,909	129,756
Costas Iomlán Pá	5,728,747	5,404,535

Cuimsiú Costas Foirne:	**2025**	**2024**
	€	**€**
Pánna & Tuarastail	5,176,191	4,890,604
Costas Árachais Shóisialta	552,556	513,931
Iomlán	5,728,747	5,404,535

Cuimsiú Sochair Ghearrthéarmacha*:*	**2025**	**2024**
	€	**€**
Pá Bunúsach	5,673,720	5,357,872
Ragobair	36,715	30,305
Liúntas	18,312	16,358
Iomlán	5,728,747	5,404,535

Sa bhliain 2025, asbhaineadh €108,395 (2024: €99,223) de Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC) agus bhí sé iníoctha leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.
Sa bhliain 2025, asbhaineadh €169,166 (2024: €154,508) d'asbhaintí Fostaithe do Scéim Aoisliúntais IMMA agus bhí sé iníoctha leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (féach Nóta 15).
Sa bhliain 2025, asbhaineadh €88,961 (2024: €84,625) d'asbhaintí Fostaithe don Scéim Pinsin Aonair agus bhí sé iníoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Sa bhliain 2025, ba é €129,322 (2024 - €122,059) an tuarastal a íocadh le Stiúrthóir IMMA.

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim sochair shainithe mhúnlach. Ní bhfuair an Stiúrthóir aon dámhachtain a bhain le feidhmíocht.

BRISEADH SÍOS SOCHAIR FOSTAITHE

Réimse iomlán sochar fostaithe	Líon na bhFostaithe 2025	Líon na bhFostaithe 2024
€60,000 - €69,999	12	7
€70,000 - €79,999	3	4
€80,000 - €89,999	3	6
€90,000 - €99,999	4	2
€100,000 - €109,999	0	0
€110,000 - €119,999	0	0
€120,000 - €129,999	0	1
€130,000 - €139,999	1	0

Sonraítear an Cúiteamh a íocadh do phríomhphearsanra bainistíochta i nóta 21.
Nóta: Chun críocha an nochta sin, i measc sochair fostaithe ghearrthéarmacha maidir le seirbhísí le linn na tréimhse tuairiscithe, tá tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostaí.

11) SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA

Mar a leagtar amach i mBeartas Cuntasaíochta 1h, aithníonn an Músaem gach Sócmhainn Oidhreachta nuair a cheannaítear nó nuair a fhaightear iad. Tá sócmhainní dá leithéid ag costas ag dáta na héadála le coigeartú do lagú nuair is gá. Leagtar amach thíos na hidirbhearta don bhliain 2025 agus don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin.

c) Ceannacháin agus Ceannacháin Chuidithe

	2025	2024
	€	€
Costas ar an 1 Eanáir	10,266,527	10,160,152
Sealbhaithe le linn na bliana	315,005	106,375
Costas ar an 31 Nollaig	10,581,532	10,266,527

Is é costas na gceannachán ceannaithe agus na gceannachán cuidithe an costas ag dáta na héadála.
Ní reáchtálann an Músaem luacháil bhliantúil.

d) Alt 1003 Tabhartais

	2025	2024
	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	12,210,013	12,025,163
Suimithe sa bhliain	0	184,850
Luacháil amhail an 31 Nollaig	12,210,013	12,210,013

Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 féadfar dliteanais chánacha áirithe a shocrú trí thabhartais earraí oidhreachta tábhachtacha do bhailiúchán náisiúnta sainithe. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an luach margaidh a mheas ag tráth an tabhartais.

c) Ciste Oidhreachta	**2025**	**2024**
	€	**€**
Luacháil amhail an 1 Eanáir	1,300,000	1,300,000
Suimithe sa bhliain	0	0
Luacháil amhail an 31 Nollaig	1,300,000	1,300,000

Bhunaigh an tAcht um Chiste Oidhreachta, 2001 an Ciste Oidhreachta. Faoin gciste seo fuair an IMMA trí Shaothar Ealaíne ó James Coleman a bhfuil luach €1,300,000 orthu.

d) Saothair Ealaíne Deonaithe	**2025**	**2024**
	€	**€**
Luacháil amhail an 1 Eanáir	15,222,300	14,601,032
Suimithe	330,903	621,268
Luacháil amhail an 31 Nollaig	15,553,203	15,222,300

Bhunaigh saineolaithe inmheánacha luach cóir iontaofa do na saothair ealaíne deonaithe ag tráth na héadála bunaithe ar cheann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

(i) Luachanna scríofa taifeadta ar dtús (nuair is cuí) nuair a tháinig na saothair ealaíne ar dtús go IMMA

(iv) Luachanna a ndearnadh taighde orthu ag úsáid Artnet, seirbhís luachála ar líne, a dhéanann taifeadadh ar phraghsanna nua-ealaíne agus ealaín chomhaimseartha a fuarthas ag gach ceant agus díolachán ar fud na cruinne

(v) Comhairle ó dhánlanna, gníomhairí ealaíontóirí agus ealaíontóirí

	2025	**2024**
	€	**€**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA	**39,644,748**	**38,998,839**

Achoimre Airgeadais Cúig Bliana d'Idirbhearta Sócmhainní Oidhreachta

	2025	**2024**	**2023**	**2022**	**2021**
	€	**€**	**€**	**€**	**€**
Ceannacháin:					
Ealaín Ghrafach/Grianghrafadóireacht	45,400	23,400	369,100	30,647	74,440
Pictiúr	50,500	0	56,020	1,869	107,657
Dealbh	5,000	0	452,070	4,250	14,000
Meán Nua/Eile	79,157	17,025	305,532	16,000	155,050
Suiteán	134,948	65,950	312,602	50,000	129,019
Iomlán	**315,005**	**106,375**	**1,495,324**	**102,766**	**480,166**
Alt 1003:	-	-	-	-	-

Ealaín Ghrafach/Grianghrafadóireacht	-	-	-	-	-
Pictiúr	-	110,000	-	-	-
Dealbh	-	-	-	-	-
Meán Nua/Eile	-	-	-	-	-
Suiteán	-	74,850	-	-	-
Iomlán	**-**	**184,850**	**-**	**-**	**-**
Ciste Oidhreachta	**-**	**-**	**-**	**-**	**-**
Saothair Ealaíne Deonaithe					
Ealaín Ghrafach/Grianghrafadóireacht	0	248,768	16,904	7,118	17,030
Pictiúr	218,904	0	24,000	15,500	11,750
Dealbh	0	325,500	191,010	2,500	15,000
Meán Nua/Eile	37,000	7,000	-	4,664	33,058
Suiteán	75,000	40,000	9,685	-	-
Iomlán	**330,904**	**621,268**	**241,599**	**29,782**	**76,838**
Móriomlán	**645,909**	**912,493**	**1,736,923**	**132,548**	**557,004**

j) Sócmhainní ar son tríú páirtithe

Iontabhas Gordon Lambert

	2025	**2024**
	€	**€**
Luacháil	2,914,828	2,914,828

Bailiúchán Madden Arnholz

	2025	**2024**
	€	**€**
Luacháil	750,000	750,000

Baineann méideanna i Nóta 11(e) le sócmhainní atá á sealbhú agus á gcoinneáil ag IMMA, nach bhfuil teideal reachtaíochta ag gabháil leo go fóill. Dá bhrí sin, níor cuireadh san áireamh iad sa ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Rinne Iontaobhas Carthanachta Nua-Ealaíne Gordon Lambert an luach a thabhairt do Bhailiúchán Gordon Lambert nuair a deonaíodh an bailiúchán don IMMA sa bhliain 1992. Sa bhliain 2011, rinne Caxton Antique Dealers roinnt priontaí ón mBailiúchán Madden Arnholz a luacháil.

12) Sócmhainní Seasta

	Mótarfheithiclí	Troscán, Feistithe & Trealamh	Oibreacha Idir Lámha	Iomlán
	€	€	€	€
COSTAS				
Costas amhail an 1 Eanáir 2025	54,735	2,018,030	0	2,072,765
Suimithe	0	288,456	272,668	561,124
Diúscairtí	0	(1,177,582)	0	(1,177,582)
Costas amhail an 31 Nollaig 2025	54,735	1,128,905	272,668	1,456,308
DÍMHEAS				
Dímheas amhail an 1 Eanáir 2025	41,051	1,546,847	0	1,587,898
Táillí don bhliain	13,684	252,608	0	266,292
Diúscairtí	0	(1,177,582)	0	(1,177,582)
Dímheas amhail an 31 Nollaig 2025	54,735	621,873	0	676,608
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR				
Amhail an 01 Eanáir 2025	13,684	471,183	0	484,867
Amhail an 31 Nollaig 2025	0	507,032	272,668	779,700

13) FARDAL

	2025	2024
	€	€
Earraí críochnaithe (Eagráin & Catalóga)	38,333	35,585

14) INFHÁLTAIS

	2025	2024
	€	€
Féichiúnaithe trádála	230,391	22,580
Féichiúnaithe éagsúla	42	500
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	117,423	98,418
	347,856	121,498

Áirítear le Féichiúnaithe Trádála méid de €195,964 a bhaineann le hImeachtaí Conraithe 2026.

15) SUIMEANNA INÍOCTHA: *méideanna ag titim laistigh de bhliain amháin*

	Nóta	2025	2024
		€	€
Creidiúnaithe trádála		265,089	99,071
Fabhruithe		867,262	972,012
Ioncam Iarchurtha le haghaidh Imeachtaí Conraithe**		301,558	28,520
ÍMAT/ÁSPC		127,313	127,614
Cáin Shiarchoinneálach		3,057	10,634
Asbhaintí Aoisliúntais scéim DCCS/DPER*		304,541	244,751
Asbhaintí Aoisliúntais iníoctha do DCCS/DPER		0	0
Ioncam Iarchurtha - Urraíocht roimh ré	5.	144,313	234,295
		2,013,133	1,716,897

Níor sholáthair an IMMA aon slándáil i leith na gcreidiúnaithe thuas.
*Cuireadh tús le Scéim Aoisliúntais an IMMA sa bhliain 2001. Rinneadh asbhaintí dar luach €169,166 ó phárolla comhaltaí sa bhliain. Coimeádann Áras Nua-Ealaíne na hÉireann asbhaintí aoisliúntais dar luach €304,541 (2024: €244,751) a chlúdaíonn an tréimhse 2001-2025 ó íocaíochtaí pinsin fostaithe. Áirítear leo sin €151,000 mar fhóirdheontas a fuarthas ón Roinn le haghaidh costais phinsin amach anseo. Tá na hasbhaintí seo glan ó íocaíochtaí pinsin a íocadh le comhaltaí ar scor de chuid Scéim Pinsin IMMA. Rinneadh íocaíochtaí dar luach €181,733 (2024: €161,960) sa bhliain agus b'ionann na cnapshuimeanna a íocadh sa bhliain agus €78,721 (2024: €81,473). Bhí na hasbhaintí níos lú ná na híocaíochtaí sa bhliain 2025.
**As an tsuim de €301,558, fuarthas méid de €148,243 in 2025.

16) TEAGMHAIS

Níl aon dliteanais theagmhasacha.

17) CUNTAS CAIPITIL – SAOTHAIR EALAÍNE

	DCCS	Iomlán na dTabhartas Cuidithe	Ceannacháin	
	€	€	€	€
2025				
1 Eanáir 2025	9,470,936	700,829	28,732,314	38,904,079
Faighte sa bhliain	264,505	50,500	330,903	645,908
31 Nollaig 2025	9,735,441	751,329	29,063,217	39,549,987
2024				
1 Eanáir 2024	9,367,061	698,329	27,926,196	37,991,586
Faighte sa bhliain	103,875	2,500	806,118	912,493
31 Nollaig 2024	9,470,936	700,829	28,732,314	38,904,079

Tugadh na méideanna seo don chuideachta leis an rún áirithe saothair ealaíne a cheannach.

Féach Nóta 11 chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na tabhartais a fuarthas sa bhliain 2025.

18) COSTAIS SOCHAIR SCOIR

a) Anailís ar Iomlán costais sochair scoir a gearradh don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim.

	2025	2024
	€	€
Costas Seirbhíse Reatha	1,574,976	1,379,909
Ús ar Dhliteanais Scéim Sochair Scoir	790,959	727,943
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(261,700)	(233,774)
	2,104,235	1,874,078

Anailís ar an méid a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

	2025	2024
	€	€
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime	279,052	527,593
Caillteanas/(Gnóthachain) ar athruithe foshuíomhanna (airgeadais agus déimeagrafach)	(5,762,192)	(3,000,954)
	(5,483,140)	(2,473,361)

b) Gluaiseacht i nGlanoibleagáidí Sochair Scoir le linn na bliana airgeadais

	2025	2024
	€	€
Glanoibleagáidí sochair scoir ar an 1 Eanáir	(23,262,873)	(23,871,815)
Costas seirbhíse reatha	(1,574,976)	(1,379,909)
Íocaíochtaí Pinsin	260,454	243,433
Ús ar Dhliteanais Scéime	(790,959)	(727,943)
(Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh	5,483,140	2,473,361
Glanoibleagáidí sochair scoir ar an 31 Nollaig	(19,885,214)	(23,262,873)

c) Maoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir

Aithníonn an Músaem na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhonn sraith foshuíomhanna a shonraítear thíos agus roinnt imeachtaí a tharla roimhe seo. I measc seo, tá bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Cé nach bhfuil aon aontú foirmiúil maidir leis na suimeanna áirithe seo leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, níl aon fhianaise ag an Músaem nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de bheith ag freastal ar shuimeanna dá leithéid de réir mar a bheidh siad dlite i gcomhréir le cleachtas reatha. Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí suim de €19,885,214 (2024: €23,262,873) i gceist leis an tsócmhainn um maoiniú iarchurtha do shochair scoir

Glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim	**2025**	**2024**
	€	**€**
Maoiniú in-aisghabhála i leith costais phinsin na bliana reatha	1,574,976	1,379,909
Ús ar dhliteanais scéime	790,959	727,943
Íocaíochtaí Pinsin	(260,454)	(243,433)
	2,105,481	1,864,419

d)	**Stair maidir le gnóthachain agus caillteanais ó thaithí**	**2025**	**2024**
		€	**€**
	Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime	279,052	527,593
	Céatadán luach reatha dliteanais scéime	1.4%	2.3%
	Caillteanais/(gnóthachain) iomlána a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh	(5,483,140)	(2,473,361)
	Céatadán luach reatha dliteanais scéime	-28%	-11%

e) Cur síos ar an Scéim

Tá scéim sochair aoisliúntais ranníocaíochta sainithe á feidhmiú ag an Músaem dá fhostaithe a cuireadh tús leis le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2001. Tá an scéim atá á feidhmiú ag an Músaem díreach mar an gcéanna leis an Scéim Aoisliúntais Gairme do Státseirbhísigh Aitheanta. Is scéim sochair sainithe í agus feidhmítear í ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear." Baintear na ranníocaíochtaí ó thuarastail. Áirítear an chothromaíocht idir asbhaintí agus íocaíochtaí sna creidiúnaithe.

Is é Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí inphinsin ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Forálann an scéim do chnapshuim phinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair meánghairme inphinsin, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 66 bliana an íosaois phinsin (ag ardú i gcomhréir le hathruithe aois pinsin an Stáit). Áirítear saoráid aois scoir achtúireach laghdaithe ó 55 bliana. Ardaíonn pinsin atá á n-íoc i gcomhréir leis an treoir-phraghais do thomhaltóirí.

Rinne achtúire neamhspleách luacháil na scéime sochar sainithe chun críche nochtuithe FRS 102 d'fhonn na dliteanais a mheas amhail an 31 Nollaig 2025. Is iad seo a leanas na foshuíomhanna airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scoir agus comhpháirteanna an chostais shochair shainithe a ríomh:

Modh Luachála	**2025**	**2024**
	%	**%**
Ráta Lascaine	4.50	3.40
Méaduithe Tuarastail	3.10	3.15
Méaduithe Pinsin	3.10	3.15
Méaduithe Boilscithe	2.10	2.15

Ceadaítear feabhsuithe in ionchas saoil thar am leis an mbonn básmhaireachta inghlactha ionas go mbraithfidh ionchas saoil nuair a théitear ar scor ar an mbliain ina shroichfidh comhalta aois scoir (65 bliana d'aois). Léiríonn an tábla thíos ionchas saoil do chomhaltaí atá 45 bliana d'aois agus 65 bliana d'aois faoi láthair.

Ionchas saoil d'Fhear 65 bliana d'aois	21.9 bliain
Ionchas saoil do Bhean 65 bliana d'aois	24.4 bliain
Ionchas saoil d'Fhear 45 bliana d'aois anois (ó 65 bliana d'aois)	23.5 bliain
Ionchas saoil do Bhean 45 bliana d'aois anois (ó 65 bliana d'aois)	25.9 bliain

19) LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlíne a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna ag na Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas ag aon Chomhalta Boird.

20) DÍOLAÍOCHTAÍ CHOMHALTAÍ BOIRD

Ball Boird	**Táillí Boird**	**Speansais Dheimhnithe**	**Cruinnithe Freastal**
Ali Curran	-	-	6/6
Mary Apied	-	-	6/6
Gerard Byrne	-	-	6/6
John Cunningham	-	-	5/6
Dermod Dwyer	-	-	5/6
Sinéad O'Sullivan	-	-	6/6
Margot Lyons**	-	-	3/4

Eva Kenny	-	-	6/6
Jess Majekodunmi	-	-	5/6
Mike Fitzpatrick	-	€213	6/6
Rhona Lane-O'Kelly	-	€2,629	5/6
John McLaughlin	-	-	6/6

Tá Cathaoirleach an Bhoird i dteideal táille faoi "táillí iníoctha do chomhaltaí de Bhoird Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí neamhthráchtála." Níor íocadh aon táille sa bhliain 2025. Níl Stiúrthóirí an Bhoird i dteideal aon táillí.

21) NOCHTAÍ PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is iad príomhphearsanra bainistíochta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann an Stiúrthóir agus comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí. I measc cúiteamh iomlán a íoctar le príomhphearsanra bainistíochta, tá táillí agus costais Chomhaltaí Boird, agus luach saothair Stiúrthóra. Sa bhliain 2025, bhí suim €129,322 (2024: 122,059) i gceist le luach saothair iomlán an Stiúrthóra. B'ionann costais Stiúrthóra sa bhliain 2025 agus €22,516 (2024: €20,599). B'ionann táillí iomlána na gcomhaltaí Boird sa bhliain 2025 agus €nialas (2024 €nialas). B'ionann costais iomlána na gcomhaltaí Boird sa bhliain 2025 agus €2,842 (2024: €334).

22) Imeachtaí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe

Níl aon imeacht le tuairisciú.

23) FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 9 Meitheamh 2026